

# An Creidiúnaí

## Dualgais agus Cumhachtaí

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Clár

---

Maidir leis an treoir seo	2
Cad is creidiúnaí ann?	2
Cad iad na dualgais atá ar chreidiúnaithe?	2
Cad iad na cumhachtaí atá ag creidiúnaithe?	3
Cumhacht leachtaitheoir a cheapadh	3
Cumhacht glacadóir a cheapadh	4
Cumhacht maidir le scrúdaitheoir a cheapadh	4
Cumhacht leigheasanna sibhialta a iarraidh	4
Cumhacht breithiúnas cúirte a iarraidh	4
Cumhacht de chineálacha eile i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha	5
Cumhacht maidir le cuideachta a chur ar ais ar an gClár	6
Cumhacht imscrúdú a iarraidh	6
Cumhacht sa chás go sáraíonn cuideachta Acht na gCuideachtaí	6
Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?	6

## Maidir leis an treoir seo

---

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn roinnt dá leagtar de dhualgas ar chreidiúnaithe agus dá dtugar de chumhacht dóibh faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## Cad is creidiúnaí ann?

---

Is creidiúnaí ag cuideachta an duine (nó an chuideachta) a bhfuil airgead (nó fiach de chineál eile) dlite dó nó di ón gcuideachta. Go ginearálta, tá dhá chineál creidiúnaí ann: **urraithe** agus **neamhurraithe**.

**Creidiúnaí urraithe** – tá éileamh ag creidiúnaí urraithe ar shócmhainní na cuideachta, maoin nó eile. Mar shampla, má fhaigheann cuideachta airgead ar iasacht ó bhanc chun áitreabh a cheannach, iarrann an banc gníomhas an áitribh mar urrús sa chás nach mbíonn ar chumas na cuideachta an iasacht a aisíoc.

**Creidiúnaí neamhurraithe** – is creidiúnaí neamhurraithe creidiúnaí a bhfuil airgead dlite dó nó di ón gcuideachta agus nach bhfuil éileamh aige nó aici ar shócmhainní na cuideachta. Mar shampla, sa chás nach féidir le cuideachta a cuid fiach ar fad a íoc, ní íocfar creidiúnaithe neamhurraithe ach amháin sa chás go mbíonn airgead fágtha tar éis na creidiúnaithe urraithe a íoc.

## Cad iad na dualgais atá ar chreidiúnaithe?

---

Is é an dualgas is tábhachtaí ar chreidiúnaithe a leas féin a chosaint. Ba chóir do chreidiúnaithe seiceáil, ar a laghad aon uair amháin sa bhliain, an bhfuil cuideachtaí in acmhainn íoc ar na hearraí agus na seirbhísí a fhaigheann siad.

Bealach amháin chun sin a dhéanamh is ea an tuairisceán bliantúil a bhreathnú a chaitheann an chuideachta a chur faoi bhráid an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)). Is féidir le creidiúnaithe a shocrú ina dhiaidh sin más mian leo gnó a dhéanamh leis an gcuideachta.

D'fhéadfadh seiceáil creidmheasa go rialta caillteanas airgeadais a sheachaint chomh maith le haon ghá dul i muinín an dlí chun leas a chosaint.

## Cad iad na cumhachtaí atá ag creidiúnaithe?

Tá cumhacht de chineálacha éagsúla ag creidiúnaithe faoi Acht na gCuideachtaí.

### Cumhacht leachtaitheoir a cheapadh

Is é is tábhachtaí atá de chumhacht ag creidiúnaí a dhéanamh a thabhairt go ndéanfaí cuideachta a leachtú (a dhúnadh ar bhonn dlí). Is duine leachtaitheoir a cheaptar chun cuideachta a fhoirceannadh.

- Is féidir le creidiúnaí a iarraidh ar chúirt leachtaitheoir a cheapadh sa chás nach bhfuil an chuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc. Meastar nach bhfuil cuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc sa chás nach féidir fiach €10,000 nó níos mó a íoc taobh istigh de thréimhse trí seachtaine ó iarratas i scríbhinn go ndéanfaí a íoc.
- Sa chás go socraíonn comhaltaí cuideachta foirceannadh toilteanach a dhéanamh mar gheall nach bhfuiltear in acmhainn na fiacha a íoc, is féidir leis na creidiúnaithe leachtaitheoir a cheapadh chun an chuideachta a fhoirceannadh.

## **Cumhacht glacadóir a cheapadh**

Déanann glacadóir sócmhainní cuideachta a dhíol thar ceann iasachtóra. Mura n-íocann cuideachta creidiúnaí urraithe, is féidir leis an gcreidiúnaí glacadóir a cheapadh faoin gcomhaontú iasachta a bhaineann leis an bhfiach. Is féidir le creidiúnaí freisin a iarraidh ar an gcúirt glacadóir a cheapadh.

## **Cumhacht maidir le scrúdaitheoir a cheapadh**

Is í an chúirt a cheapann scrúdaitheoir go bhfeictear an féidir le cuideachta leanacht i mbun gnó. Sa chás go bhfuil seans réasúnta gur féidir cuideachta atá i gcruachás airgid a thabhairt slán, is féidir leis na creidiúnaithe a iarraidh ar an gcúirt scrúdaitheoir a cheapadh. Ní féidir le creidiúnaithe an t-airgead atá ag dul dóibh a fháil fad atá an scrúdaitheoir ag cur bearta tarrthála i dtoll a chéile.

## **Cumhacht leigheasanna sibhialta a iarraidh**

Is féidir le creidiúnaithe a iarraidh ar an gcúirt freagracht phearsanta (dliteanas) as iomlán nó cuid d'fhiacha na cuideachta a leagan ar na stiúrthóirí.

## **Cumhacht breithiúnas cúirte a iarraidh**

Nuair nach n-íocann cuideachta fiach, is féidir le creidiúnaí breith cúirte in aghaidh na cuideachta a iarraidh. Má thugtar breith dá réir sin, is féidir leis an gcreidiúnaí oifigeach poiblí (ar a dtugtar an sirriam) a úsáid chun an fhiach a aisghabháil.

Is féidir leis an gcreidiúnaí freisin a iarraidh ar an gcúirt an breithiúnas a chlárú. Ciallaíonn sin go bhfoilsítear ainm an fhéichiúnaí agus d'fhéadfadh sin cur isteach ar an rátáil creidiúnais ina leith. Is féidir leis an drochphoiblíocht a ghabhann le clárúchán deacracht a chruthú don chuideachta maidir le creidmheas ó bhanc nó ó ghnólacht eile fad a bhíonn an fhiach gan íoc.

## Cumhacht de chineálacha eile i ndáil le cuideachtaí dócmhainneacha

---

Sa chás nach bhfuil cuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc agus nach bhfuil sí faoi lámh leachtaitheora, is féidir le creidiúnaithe uaireanta a iarraidh ar an gcúirt:

- a ordú go gcuirfeadh cuideachta ghaolmhar (máthairchuideachta nó fochuideachta mar shampla) le sócmhainní na cuideachta dócmhainní;
- a ordú go dtabharfaí ar ais don chuideachta sócmhainní a tugadh uaithi san éigeart;
- freagracht phearsanta as fiacha na cuideachta a leagan ar stiúrthóirí má tá siad ciontach as calaois nó as trádáil mheargánta;
- freagracht phearsanta as fiacha na cuideachta a leagan ar stiúrthóirí sa chás nár choinnigh an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha;
- a mheas cad iad na damáistí ba chóir do stiúrthóirí a íoc sa chás go ndearna siad go héagórach;
- stiúrthóirí nó rúnaí na cuideachta a cheistiú faoi mhionn faoi ghnó na cuideachta;
- cuntais na cuideachta a scrúdú; nó
- a thabhairt go ndéantar stiúrthóirí nó rúnaí na cuideachta a ghabháil agus a gcuid taifid agus maoine phearsanta a urghabháil.

## **Cumhacht maidir le cuideachta a chur ar ais ar an gClár**

Nuair a bhaintear cuideachta de Chlár na gCuideachtaí, ní ann faoin dlí don chuideachta sin níos mó. Más mian le creidiúnaithe an iarchuideachta a thabhairt chun dlí, ní mór ar dtús an chuideachta a chur ar ais ar an gClár. Is féidir leo a iarraidh ar an gcúirt treoir a thabhairt go ndéanfaí amhlaidh.

## **Cumhacht imscrúdú a iarraidh**

Is féidir le creidiúnaithe a iarraidh ar an gcúirt cigire nó cigirí a cheapadh chun gnóthaí cuideachta a scrúdú agus tuairisc a thabhairt ina leith.

## **Cumhacht sa chás go sáraíonn cuideachta Acht na gCuideachtaí**

Sa chás nach sáraíonn cuideachta nó aon duine de na stiúrthóirí forálacha Acht na gCuideachtaí, is féidir le creidiúnaí a éileamh go ndéantar sin taobh istigh de 14 lá. Mura dtarlaíonn sin, is féidir leis an gcreidiúnaí a iarraidh ar an gcúirt ordú don chuideachta an scéal a chur ina cheart.

## **Cá mbeadh breis eolas ar fáil agam?**

---


Is féidir eolas níos mine faoin chreidiúnaithe a fháil ar láithreán gréasáin na hoifige, [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoi chreidiúnaithe agus faoinar gá dóibh a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.



## **Séanadh**

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar chreidiúnaithe, agus de na cumhachtaí bunúsacha atá acu, faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d’Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas ná easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghla 1890 315 015

☰ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*